

FÓGRA FOLÚNTAIS CHUN LIOSTA IONADAITHE A CHRUTHÚ

Teideal an phoist	Riarthóir Sinsearach i Réimse an Airgeadais (M/F)
Feidhmghrúpa/grád	AD 9
Cineál conartha	Gníomhaire Sealadach
Tagairt	VEXT/18/306/AD 9/FD
Spriocdháta le haghaidh iarratas	26/02/2018 24:00 Am Alicante (Am Lár na hEorpa)
Áit fostaíochta	Alicante, AN SPÁINN
Liosta ionadaithe bailí go dtí	31/12/2018
An líon iarrthóirí ar an liosta ionadaithe	3

Tá nós imeachta roghnúcháin á eagrú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) d'fhonn liosta ionadaithe a chruthú óna líonfar folúntas mar '**Riarthóir Sinsearach i Réimse an Airgeadais' (M/F), ar post é a chuirfear chuig Rannóg Airgeadais EUIPO.**

1. CÚLRA

Tá **an Rannóg Airgeadais** freagrach as gach gníomhaíocht agus oibríocht a bhaineann le hAirgeadas: buiséadú agus rialú caiteachais; creat airgeadais na hOifige a bhainistiú; cuntasáíocht ghinearálta; bainistíocht táillí; fíorú; soláthar; agus gníomhaíochtaí agus oibríochtaí a bhaineann le bainistíocht díoltóirí.

Tá an Rannóg Airgeadais faoi bhainistíocht ag Stiúrtóir Rannóige. Cuimsíonn sí dhá Sheirbhís a bhfuil an dá cheann díobh faoi bhainistíocht ag Ceann Seirbhíse:

- An tSeirbhís um an gCreat Airgeadais, Táillí, Cuntais agus Cisteán: atá freagrach go háirithe as cuntais bhliantúla na hOifige a ullmhú, as bainistíocht a dhéanamh ar an gcisteán, ar chuntasaíocht ghinearálta agus ar chreat airgeadais na hOifige, agus as bailíochtú a dhéanamh ar chórais airgeadais agus ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le táillí na hOifige.
- An tSeirbhís um Sholáthar agus Bainistíocht Díoltóirí: atá freagrach go háirithe as gach gníomhaíocht soláthair a thuar, a bhainistiú agus a chur i gcrích, as bainistíocht a dhéanamh ar dhíoltóirí agus conarthaí, agus as na comhaid eacnamaíocha a ullmhú a bhaineann leis na conarthaí sin.

Is go díreach chuig Stiúrtóir na rannóige a shanntar na foirne a dhéileálfaidh le hidirbhearta airgeadais a fhíorú agus le buiséadú agus rialú caiteachais.

Déantar gníomhaíochtaí airgeadais in EUIPO laistigh den chreat dlíthiúil atá comhdhéanta go príomha de **Rialachán Airgeadais na hOifige agus de na Rialacha dá chur chun feidhme** (atá an-chosúil le Rialachán Airgeadais an Aontais Eorpaigh agus lena rialacha cur i bhfeidhm) agus de na **forálacha iomchuí den Rialachán maidir le Trádmharc an Aontais Eorpaigh agus dá fhorálacha cur chun feidhme.**

2. DUALGAIS

Agus é/í ag obair faoi fhreagracht dhíreach an Stiúrthóra Airgeadais, beifear ag súil go gcuirfidh an t-iarrthóir roghnaithe na cúraimí seo a leanas i gcrích:

- Tacaíocht a thabhairt don Stiúrthóir gníomhaíochtaí agus oibríochtaí airgeadais na hOifige a threorú agus a chomhordú, go háirithe creat airgeadais na hOifige, an buiséad, cuntasáíocht, soláthar, fíorú, iniúchóireacht, agus bainistíocht díoltóirí agus conarthaí;
- Tosaíochtaí seirbhíse a shainaithint agus a chinntiú go soláthraítear seirbhísí airgeadais éifeachtacha agus go gcuirtear feabhas leanúnach orthu;
- Sainaithint a dhéanamh ar réimsí is gá a fheabhsú agus gníomhartha a mholadh agus a chur chun feidhme chun rialacha, rialacháin agus nósanna imeachta airgeadais na hOifige a fhorbairt, a chuíchóiriú agus a chur chun feidhme;
- Sainchomhairle agus saineolas a thabhairt maidir le beartais agus nósanna imeachta nua a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun cur lena éifeachtúlacht agus lena éifeachtaí a bhíonn na seirbhísí airgeadais a sholáthraítear do gheallsealbhóirí;
- Comhairle a thabhairt do ghníomhaithe airgeadais, do gheallsealbhóirí agus don lucht bainistíochta maidir leo seo a leanas: dea-chleachtais na hOifige; an dóigh a bhfuil próisis á gcomhlíonadh ag an Oifig; ceanglais theicniúla, riaracháin, airgeadais agus bhuiséadacha na hOifige; agus srianta, dualgais agus freagrachtaí na hOifige;
- Réitigh a mholadh chun freastal ar riachtanais úsáideoirí, agus á chinntiú ag an am céanna go gcomhlíontar na rialacha is infheidhme i leith na hOifige, amhail rialachán airgeadais EUIPO agus rialacháin chun chun feidhme an rialacháin airgeadais, na Rialacháin Foirne, an Rialachán maidir le Trádmharc an Aontais Eorpaigh, etc.;
- Rannchuidiú le tionscadail i réimse an airgeadais faoi Phlean Straitéiseach EUIPO i gcomhair 2020 (SP2020) agus faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na tionscadail sin agus ar a mhéid atá siad ar comhréim le spriocanna SP2020, mar aon le forbairt clár a threorú agus bearta ceartaitheacha a mholadh;
- Réitigh a mholadh chun feabhas a chur ar cháilíocht na gcóras rialaithe inmheánaigh is infheidhme;
- Rannchuidiú le réamhaisnéisí airgeadais fadtéarmacha; le buiséid a phleanáil agus a ullmhú agus le gníomh leantach a dhéanamh ina leith; agus le cúraimí a fhorbairt agus a chur chun feidhme a bhaineann leis an mbuiséad;
- Conclúidí agus fionnachtana a chur in iúl agus a thuairisciú don Stiúrthóir Airgeadais agus do lucht bainistíochta EUIPO trí láithreoireachtaí agus tuarascálacha feidhmiúcháin a thabhairt;
- Cláir rialaithe cáilíochta a eagrú agus a stiúradh chun comhsheasmhacht a chinntiú ó thaobh soláthar seirbhísí de;
- Cabhrú le Stiúrthóir na Rannóige Airgeadais a d(h)ualgais a chomhlíonadh agus ullmhú dá rannpháirtíocht i gcruinnithe de chuid chomhlachtaí rialaithe agus líonraí EUIPO

Na dualgais is infheidhme maidir le gach ball foirne:

- Obair go gníomhach i dtreo spriocanna EUIPO a bhaint amach i gcomhréir leis an bPlean Straitéiseach;
- Aon dualgais agus aon fhreagrachtaí eile a bhaineann leis an obair agus a bhféadfadh an bainisteoir líne iad a shannadh a chur i gcrích.

3. CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Chun go nglacfar iad isteach sa nós imeachta roghnúcháin seo, **ní mór** d'iarrthóirí **gach ceann** de na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh faoin spriocdháta le haghaidh iarratas a chur isteach:

Coinníollacha ginearálta¹

- A bheith ina náisiúnach de chuid Ballstáit den Aontas Eorpach;
- A bheith i dteideal a gceart iomlán mar shaoránach;
- Aon oibleagáidí faoi na dlíthe a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu;
- Na riachtanais charachtair a shásamh maidir lena oiriúnaí atá siad do na dualgais lena mbaineann a chomhlíonadh;
- Bheith corpacmhainneach chun na dualgais a chomhlíonadh.

Oideachas

- Leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do **staidéar críochnaithe Ollscoile** atá fianaithe le diplóma a bheith acu sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile **ceithre bliana nó níos mó**,

NÓ

- Leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéar críochnaithe Ollscoile atá fianaithe le diplóma a bheith acu agus taithí ghairmiúil chuí aon bhliana ar a laghad a bheith acu sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile trí bliana ar a laghad.

Taithí ghairmiúil/eolas²

- Taithí ghairmiúil lánaimseartha ábhartha 12 bhliain ar a laghad a bheith acu, ar taithí í ar gnóthaíodh 5 bliana ar a laghad di i réimse na heacnamaíochta, na cuntasáíochta, na hiniúcháireachta nó an airgeadais ar leibhéal is comhionann le roinnt de na cúraimí a gcuirtear síos orthu faoi phointe 2.

Scileanna teanga

- Eolas críochnúil ar **Bhéarla (leibhéal C1 ar a laghad)**: Teanga 1;
- Dea-eolas ar **theanga eile de chuid an Aontais Eorpaigh (leibhéal B2 ar a laghad)**: Teanga 2.

Is don Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha a chomhfhreagraíonn na leibhéil atá léirithe.

Scileanna ríomhaireachta

Riachtanas is ea ardlítearthacht ar ríomhairí. Ní mór d'iarrthóirí taithí ghairmiúil fhairsing a bheith acu ar fheidhmchláir ríomhaire amhail pacáiste MS Office nó ar fheidhmchláir den chineál céanna (go háirithe Word, Excel, PowerPoint, Outlook), ar bhunachair shonraí agus ar thaighde Idirlín.

¹ Féach Airteagal 12 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

² Áirítear taithí ghairmiúil ón dáta a baineadh amach an diplóma ábhartha lena dtugtar rochtain ar an bhfeidhmghrúpa. Maidir le hoideachas Ollscoile trí bliana a bheith ag na hiarrthóirí, is é an líon íosta blianta de thaithí ghairmiúil a theastaíonn ná 13 bliana.

4. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

D'fhonn na hiarrthóirí is mó cáilíocht a roghnú le haghaidh céim an agallaimh agus le haghaidh céim fhéideartha na trialach, déanfaidh an Oifig breithniú ar na nithe seo a leanas:

- Dioplóma in Eacnamaíocht, in Iniúcháireacht, in Airgeadas, i gCuntasaíocht, i Riarachán Gnó nó i réimsí gaolmhara;
- Taithí ghairmiúil ar obair a dhéanamh in institiúid phoiblí, banc ceannais náisiúnta nó institiúid idirnáisiúnta a bhfuil a t(h)impeallacht dhlíthiúil, riaracháin, airgeadais agus bhuiséadach cosúil leis an gceann sin ina n-oibríonn institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh;
- Sáreolas ar an gcreat dlíthiúil, riaracháin, airgeadais agus buiséadach is infheidhme i leith institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, go háirithe Rialachán Foirne an Aontais, Rialachán Airgeadais Ginearálta an Aontais, Rialachán Réime an Aontais, mar aon le rialachán airgeadais EUIPO agus a rialacháin chur chun feidhme, agus an Rialachán maidir le Trádmharc an Aontais Eorpaigh, etc.;
- Taithí léirithe ar bhearta agus beartais a dhearadh, a riar nó a chur chun feidhme i réimse an airgeadais;
- Taithí léirithe ar athbhreithniú agus rialú a dhéanamh ar bhuiséid a bhunú agus a chur i ngníomh, ar chuntais bhliantúla agus ar chúraimí gaolmhara;
- Eolas agus tuiscint ar na gnáthchórais TF agus na córais shaincheaptha TF a úsáidtear le haghaidh cuntasaíocht ghinearálta agus/nó le haghaidh buiséid a phleanáil agus faireachán a dhéanamh orthu agus/nó le haghaidh idirbhearta airgeadais a bhainistiú;
- Taithí léirithe ar fhoireann a chomhordú;
- Eolas ar chórais bhainistíochta cáilíochta agus ar chórais, caighdeán agus beartais maidir le rialuithe inmheánacha, agus taithí ar mheasúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí agus ar a éifeachtúlá atá siad;
- Dea-eolas ar theanga oifigiúil eile de chuid na hOifige (**Spáinnis, Gearmáinis, Francis nó Iodáilis ag leibhéal B2 ar a laghad**), gan Teanga 1 agus Teanga 2 a áireamh (leibhéal B2 ar a laghad).

I dteannta na gcritéar thuas, déanfar iarrthóirí dá dtabharfar cuireadh chuig céim an agallaimh agus na trialach a mheas in aghaidh na riachtanas seo a leanas freisin:

Inniúlachtaí

Na hinniúlachtaí seo a leanas go háirithe:

- **Cumarsáid:** cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go beacht ó bhéal agus i scríbhinn araon;
- **Anailís agus Réiteach Fadhanna:** an cumas chun sainathint a dhéanamh ar na fíricí criticiúla i saincheisteanna casta agus chun réitigh chruthaitheacha agus phraiticiúla a fhorbairt ina leith;
- **Oibriú le Daoine Eile:** oibriú i gcomhar le daoine eile i bhfoirne agus trasna teorainneacha eagraíochta, agus meas a thabhairt ar na difríochtaí atá ann idir daoine; meon dearfach foirne a chruthú trí spriocanna comhroinnte agus malartú eolais agus taithí a spreagadh;
- **Foghlaim agus Forbairt:** scileanna pearsanta agus eolas ar an eagraíocht agus ar thimpeallacht na heagraíochta a fhorbairt agus a fheabhsú; gabháil orthu féin oiliúint a chur ar dhaoine eile, eolas a chomhroinnt agus modhanna oibre a fheabhsú go córasach;
- **Beartú Tosaíochta agus Eagrú:** an cumas chun tosaíocht a thabhairt do na cúraimí is tábhachtaí, oibriú ar bhealach solúbtha agus a n-ualach oibre féin agus ualach oibre daoine eile a eagrú go héifeachtúil;

- **Cáilíocht agus Torthaí:** freagracht phearsanta a ghlacadh as, agus tosú ar, obair a sholáthar de réir caighdeán ard agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos; díriú soiléir a thaispeáint ar an gcustaiméir (an custaiméir inmheánach agus an custaiméir seachtrach araon); modhanna córasacha agus críochnúla a chur le tionscadail agus le hobair dá gcuid féin agus de chuid a bhfoirne féin;
- **Teacht Aniar:** oibriú go héifeachtach nuair a bhíonn siad faoi bhrú oibre, bheith solúbtha agus oiriúnú do thimpeallacht oibre a bhíonn ag athrú; spreagadh a thabhairt do dhaoine eile an méid sin a dhéanamh agus a gcur chuige féin agus cur chuige a bhfoirne a choigeartú chun déileáil le cúinsí a bhíonn ag athrú;
- **Ceannaireacht:** daoine agus foirne a threorú agus a bhainistiú ar mhaithe le dea-thorthaí a bhaint amach; cúraimí oibre a tharmligean go cuí i measc a bhfoirne féin agus treoracha soiléire a sholáthar ina leith; daoine a spreagadh chun bheith díograiseach agus dearfach maidir lena gcuid oibre agus maidir leis an méid a chuireann siad le héachtaí EUIPO.

5. AGALLAIMH AGUS TRIALACHA

Réamhroghnú

Iarrthóirí inghlactha a bhfuil a n-iarratas i measc na n-iarratas is fearr de réir na gcritéar roghnúcháin atá leagtha amach faoi phointe 4, is féidir go ndéanfar teagmháil leo chun a scileanna teanga (táirgeadh labhartha i mBéarla agus i dteanga oifigiúil eile de chuid na hOifige go háirithe) a dhearbú agus chun cruthúnas a fháil ar a dtaithe ghairmiúil agus/nó scileanna, eolas agus inniúlachtaí eile. Ní thugtar teidlíocht d'iarrthóirí leis an teagmháil réamhroghnúcháin sin i leith cuireadh chun agallaimh a fháil: is céim í sa phróiseas um cuireadh chun agallaimh a thabhairt do na hiarrthóirí is oiriúnaí.

Agallamh

Is in Alicante agus i mBéarla a dhéanfar agallaimh. Is féidir go ndéanfar teangacha ábhartha eile arna lua in iarratas/CV an iarrthóra a mheas de réir na leibhéal atá léirithe san fhógra folúntais seo.

Tástálfar san agallamh an t-eolas atá ag an iarrthóir ar ábhair a bhaineann leis na dualgais atá le comhlíonadh (eolas teicniúil agus inniúlachtaí iompraíochta), gníomhaíochtaí na hOifige, eolas ar an Aontas Eorpach, an oiriúnacht do na cúraimí atá le comhlíonadh a dhéanamh agus an oiriúnacht do dhul i mbun oibre i dtimpeallacht idirnáisiúnta.

Triail/trialacha

Úsáidfeadh triail amháin nó roinnt trialacha chun an measúnú ar cheann amháin de na gnéithe thuas nó roinnt díobh a chur i gcrích. Is sa cuireadh a thabharfar faisnéis mhionsonraithe do na hiarrthóirí dá dtabharfar cuireadh chuig céim an agallaimh agus na trialach.

6. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Chun faisnéis ghinearálta a fháil faoi na nósanna imeachta roghnúcháin agus earcaíochta in EUIPO, féach an [nasc](#) seo.

7. CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

Chun iarratas a dhéanamh, cliceáil ar an [nasc seo](#).



Na doiciméid go léir atá ar áireamh mar naisc nó a ndéantar tagairt dóibh laistigh de chomhthéacs an fhógra seo, meastar iad a bheith ina gcuid den fhógra folúntais reatha.

Tábhachtach:

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara gurb é atá san fhaisnéis arna cur ar fáil ina n-iarratas/CV/bpróifíl ná bonn le measúnú ar na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin. Iarrtar orthu, dá bhrí sin, na riachtanais a léamh go cúramach agus an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil chomh mion sin go n-éascaítear an measúnú sin. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar fhaisnéis faoina n-oideachas agus a dtaithí ghairmiúil, go háirithe dátaí cruinne, cur síos ar fhreagrachtaí, dualgais a rinneadh agus uirlisí a úsáideadh.

**Más ann do neamhréireachtaí idir na leaganacha teangeolaíocha difriúla, ba cheart glacadh leis gurb é an leagan Béarla an leagan ceart.*